II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/192 ÓN gCOMHAIRLE

**an 30 Eanáir 2023**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Tá tacaíocht mhíleata á tabhairt ag an Iaráin do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar cogadh gan chúis, gan údar é. I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart eintiteas a raibh baint aige le forbairt agus seachadadh Aerárthaí Gan Foireann chuig an Rúis a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

P. KULLGREN

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear an t-eintiteas seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

Eintitis

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "175. | Iran Aircraft Manufacturing Industries Corporation (HESA)<br>شرکت صنایع هواپیماسازی ایران | Seoladh: Sepahbod Gharani Avenue 107, Tehran, Iran<br>Cineál eintitis: Monaróir aeraspáis<br>Corparáid faoi úinéireacht rialtais<br>Áit chlárúcháin: Isfahan, Iran<br>Dáta clárúcháin: 1977<br>Eintitis chomhlachaithe eile: Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) | Is cuideachta Iaránach é Iran Aircraft Manufacturing Industries Corporation (HESA) atá speisialaithe i monaraíocht aerárthaí míleata agus sibhialta, agus aerárthaí gan foireann.<br>Monaraíonn HESA aerárthaí gan foireann a úsáideann Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) agus tá HESA páirteach i dtaighde maidir le aerárthaí gan foireann, chomh maith le forbairt, táirgeadh agus oibríochtaí eitilte aerárthaí gan foireann. Is fochuideachta é HESA de Iran Aviation Industries Organization (IAIO), fiontar faoi úinéireacht stáit atá faoi cheannas Iranian Ministry of Defense and Armed Forces Logistics (MODAFL). Tá aerárthaí gan foireann arna dtairgeadh ag HESA san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá HESA freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 30.1.2023" |